# Scéal, Scéal, Scéal...

## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige





Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

19 Samhain 2020


### SEISIÚIN CEOIL NA NOLLAG

Cé nach féidir linn bailiú le chéile sa bhfíorshaol le haghaidh ceoil agus cuideachta, tá seisiúin ceoil na Nollag ar líne á reáchtáil ag Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige. Más amhránaí, ceoltóir, file nó scéalaí thú, ba bhreá linn cloisteáil uait. Foilseofar seisiún amháin in aghaidh na seachtaine ar na meáin shóisialta agus muid ag teannadh leis an Nollaig - agus ceann nó dhó sa mbreis más féidir! Déan teagmháil linn: optchoisfharraige @gmail.com nó ar 0830106294!




### CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Beidh **Club Leabhar Chois Fharraige** ag teacht le chéile, go fíorúil, ar an gCéadaoin 10/12, ag 8i.n. leis an bhfilíocht sa leabhar *'Gaillimh - Díolaim Cathrach'* in eagar ag Brian Ó Conchubhair a phlé. Le páirt a ghlacadh ann agus leis an nasc a fháil, seol ríomhphost chuig clubleabhar cf@ gmail.com ar an lá.




### SCRÍBHNEOIRÍ & MÚINTEOIRÍ Á LORG

Fógraíodh le gairid go bhfuil **Meangadh Fíbín** sa tóir ar scríbhneoirí agus ar mhúinteoirí do **Cúla4 ar Scoil**. Caithfidh an té a roghnófar scéim mhíosúil chuimsitheach a chumadh a mbeidh na láitheoirí in ann pleananna ceachta a scríobh bunaithe uirthi, comhoibriú leis na múinteoirí ar na ceachtanna sin agus a bheith i láthair ar an lá taifeadta le comhairle a thabhairt. Ní mór a bheith cáilithe mar mhúinteoir bunscoile le líofacht agus cruinneas i nGaeilge agus taithí múinteoireachta ar raon leathan ranganna. Seol iarratas chuig bernie@fibinmedia.ie roimh an Aoine 4ú Nollaig.

### POST SA MBOGHA CEATHA

Tá post lánaimseartha fógartha ag an mBogha Ceatha, sa Spidéal. Caithfidh Gaeilge líofa a bheith ag an té a cheapfar, chomh maith le cáilíocht QQI/FETAC Leibhéal 5, nó cáilíocht QQI/FETAC Leibhéal 6 i gCúram Leanaí. Seol CV chuig oifig@bogha ceatha .com. Tá breis eolais faoin bpost ar fáil ar Facebook. Cuardaigh: 'Bogha Ceatha'.




### COMHDHÁIL UÍ CHADHAIN 2020

Tá comhdháil ar líne á reáchtáil ag **Coláiste na Trionóide** ar an Aoine 20ú Samhain le ceiliúradh a dhéanamh ar Mháirtín Ó Cadhain. 'Sé Seán Ó Cadhain as an gCnocán Glas, mac deathára Mháirtín, a chuirfidh tús le himeachtaí an lae ag 9.30r.n. Léifear ocht bpáipéar as sin go tráthnóna. Cuirfear clabhsúr le himeachtaí nuair a sheolfaidh an tOllamh Gearóid Denvir, as Cois Fharraige,*'Cumadóireacht Uí Chadhain'* leabhar atá foilsithe ag Leabhar Breac, an teach foilsitheoireachta atá lonnaithe i gCois Fharraige. Tá an chomhdháil saor in aisce. Is féidir clárú don imeacht ag www.eventbrite.com /e/comhdhail -ui-chadhain-2020.



### COMÓRTAS: CÚLA4 & FUTA FATA

Tá comórtas á reáchtáil ar líne ag Cúla4 in éineacht le FutaFata le beart leabhar agus roinnt earraí Cúla4 a bhuachan! Le d'ainm a chur chun cinn, níl le déanamh ach cuairt a thabhairt ar an suíomh www.cula4.ie agus ceist shimplí a fhreagairt.



## BAINISTEOIR NUA AG NA BREATHNAIGH!


Comhghairdeachas le Tadhg Beag Ó Curraoin a ceapadh mar bhainisteoir nua le Cumann Micheál Breathnach le gairid. Is í an fhoireann sinsir peile a bheas á bainistiú ag Tadhg. Bhí Tadhg ar an bhfoireann bainistíochta a thóg foireann mionúir na mBreathnach chomh fada le cluiche leathcheannais Bhord an Iarthair i mbliana. Tá cluiche in aghaidh Mhuine Mheá fós le himirt ag foireann eile de chuid na mBreathnach lena n-áit a choinneáil i nGrád na Sinsear an chéad bhliain eile. Guíonn muid chuile rath ar Thadhg agus ar an bhfoireann.

## FOLÚNTAS AG TG4

Fógraíodh le deireanaí go bhfuil Comhordaitheoir Rannóige Sceidil á earcú ag TG4. Beidh an té a cheapfar freagrach don Bhainisteoir Sceidil agus i gceannas ar shruthanna oibre, agus ar uainchláir oibre agus saoirí a chomhordú. Glacfar le hiarratais go dtí 4i.n. ar an Luan 30ú Samhain. Seol d'iarratas mar aon le litir iarratais chuig cv@tg4.ie. Tá níos mó eolais le fáil ag www.tg4.ie/ga/ foluntais.

## COSÁN COIS CLADAIGH

Tá tús curtha leis an obair ar an gcosán cois cladaigh sa Spidéal. Ceanglóidh an cosán seo An tAirdín Buí leis an gcosán thart ar an tSeanchéibh. Ní amháin go líonfar an bhearna 80 méadar sa gcosán, ach leathnófar an cosán de bheagán le cosaint a thabhairt dhó ón bhfarraige i rith aimsir stoirme. Is cosúil go mbeidh an obair críochnaithe faoi aimsir na Nollag agus go mbeidh daoine in ann siúl leanúnach a dhéanamh ón Dumhach Mhór, timpeall ar an tSeanchéibh, thar Abhainn Bholuisce chomh fada leis an trá ag an gCéibh Nua. Táthar ag súil go mór leis!



## EARRAÍ NA NOLLAG!







Tá táirgí áille ar fáil don Nollag ó **Thuismitheoirí na Gaeltachta** i mbliana. Tá leabhar dathúcháin na Nollag, páipéar Nollag agus comharthaí Santaí ar chuid den ábhar. Tá na táirgí ar fáil i siopaí áitiúla timpeall na Gaeltachta. Déan teagmháil le Tuismitheoirí na Gaeltachta ar Facebook le haghaidh tuilleadh eolais. Tá lascainne de 10% á thairiscint ag **Tigh Standún** go dtí 30ú Samhain. Níl le déanamh ach an cód CARA a usáid nuair atá tú ag íoc ar líne ag www.standun.ie Is féidir an tseirbhís '*Ceannaigh ar líne & Bailigh sa siopa*' a úsáid freisin, nó ordú a dhéanamh ar an bhfón.

**#CeannaighsaGhaeltacht:** má tá táirgí, earraí nó seirbhísí á soláthar agatsa, a bheadh feiliúnach don Nollaig, ba bhréa linn cloisteáil uait agus cúnamh a thabhairt duit mar chuid den bhfeachtas **'Stuif na Nollag'** D'fhéadfá físeán gearr a dhéanamh a d'fhéadfadh muide a scaipeadh ar na meáin shóisalta, nó pictiúr a thógáil a d'fhéadfadh muid a fhoilsiú anseo i *Scéal, Scéal, Scéal*...Is féidir linn cúnamh a thabhairt le foclaíocht agus dearadh más mian libh sin! Tá muid ag súil le cloisteáil uaibh!

## CAIFÉ CULTÚIR NA SAMHNA

Ná déanaigí dearmad go mbeidh **Caifé Cultúir** na Samhna ar siúl ar an Déardaoin 26ú Samhain @ 11r.n. ar Zúm. Is í **Loretta Ní Ghabháin**, ó Lorg Media a bheas mar aoichainteoir an mhí seo. Déan teagmháil le Ándrea Gaeilge Mhaigh Cuilinn ar Facebook le clárú don ócáid.






**Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh i *Scéal, Scéal, Scéal*, is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie @ 083 010 6294 faoi!**

## AMHRÁN NA NOLLAG 2020




Tá **Cumann na bhFiann** ag tabhairt faoi 'Dóchas' físeán d'Amhrán na Nollag, a thaifeadadh. Tá grúpa mór amhránaithe agus ceoltóirí ag teastáil uathu. Is féidir gach eolas faoin togra a fháil ag www.colaistenabhfiann.ie chomh maith leis an bhfoirm iarratais agus leaganacha le glór agus gan glór den amhrán a fháil. Beidh siad ag glacadh le hiarratasóirí go dtí an Déardaoin 26 Samhain. Tá Cumann na bhFiann ag tabhairt faoin togra seo ar son ALONE, eagraíocht a thugann cúnamh agus tacaíocht do dhaoine aosta.' Spáinfear an físeán go forleathan ar na meáin shóisialta ach a mbeidh sé réidh.